**Coiste Tuismitheoirí Scoil Naomh Ciarán**
**Deireadh Fómhair 2020**

A Thuismitheoirí,

Ba mhaith le Coiste na dTuismitheoirí buíochas a ghabháil libh as an gcúnamh agus tacaíocht a thugann sibh i gcaitheamh na scoilbhliana.

Tá gach tuismitheoir i Scoil Naomh Ciarán mar bhall de Choiste na dTuismitheoirí. Ní gá teacht ag na cruinnithe ar fad ná i gcónaí. Is mian linn oibriú le múinteoirí na scoile agus le gach tuismitheoir lena chinntiú gur bliain iontach a bheas in 2020/2021 do ghasúir na scoile in ainneoin Covid-19.

Seo nóta eolais beag faoi obair an Choiste, tá muid chun grúpa Whatsapp a chur ar bun chun rudaí ar nós laethanta gan éide scoile a chur i gcuimhne daoibh i rith na bliana. Is féidir an grúpa sin a fhágáil ag tráth ar bith. Is féidir é a úsáid freisin chun aon smaointe a chur chun cinn.

## Cuid de na rudaí a rinneadh le bliain anuas

Péinteáil sa scoil (an fál adhmaid, na boscaí glasraí/bláthanna, na pátrúin ar an talamh)
Ciseán cispheile crochta
Cláir dhubha beaga crochta
Glanadh mór chun áit bhreise spraoi a dhéanamh
Bréagán ceannaithe – hula hoops, liathróidí, bréagáin tógála mór
Tús le gairdín céadfach
Maisiúcháin ar agus faoin gcrann
Hoodie do rang a 6

## Cuid de na rudaí atá beartaithe don bhliain amach romhainn

***Braitheann gach rud ar Covid-19 ach tá súil againn cúpla imeacht bailithe airgid a eagrú***
***CASH4CLOBBER – 10 Samhain***
**Raifil do Chiseán na Samhna** – línte ar díol Tigh Richard agus sa bPosta i gCill Chiaráin **ANOIS!**
**Raifil na Nollag**
**Coinnle na Nollag** – coinnle a dhíol ar an gcrann Nollag sa séipéal
**Lomáin Nollag** **(Yule logs)** – iad seo a dhéanamh agus a dhíol, beidh neart deis cúnaimh a thabhairt anseo!

***Laethanta gan Éide Scoile*** ***€2 an gasúr***

Dé hAoine, 2 Deireadh Fómhair
Dé hAoine, 23 Deireadh Fómhair (éadach Oíche Shamhna)
Dé hAoine, 27 Samhain
Dé Máirt, 22 Nollaig (geansaithe Nollag)
Dé hAoine, 29 Eanáir
Dé hAoine, 26 Feabhra
Dé hAoine, 26 Márta
Dé hAoine, 30 Aibreán
Dé hAoine, 28 Bealtaine
Déardaoin, 24 Meitheamh (lá deireanach)

Tá súil againn roinnt maisiúchán a chur timpeall na scoile d'Oíche Shamhna/Nollaig etc.

Míle buíochas,

***An Coiste***
***Mary Ann Uí Mhadaoin***
***Áine Ní Chlochartaigh***
***Deirdre Uí Chualáin***
***Sharon Swords***
***Cassie Ní Chathasaigh***